Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Nollaig 2022
(OR. en)

15727/22
ADD 1 REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0371 (COD)**

ECOFIN 1291
RELEX 1682
NIS 35
FIN 1312
COEST 893
CODEC 1944

## DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn an dara léamh luath a bheith acu leis an bParlaimint i ndáil leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +)<br>– Dréacht-Ráiteas ar Chúiseanna na Comhairle |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 9 Samhain 2022, thíolaic an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +) (Ionstraim MFA+)[1]. Is é cuspóir ginearálta Ionstraim MFA+ faoiseamh airgeadais gearrthéarmach a sholáthar don Úcráin ar bhealach intuartha, leanúnach, ordúil agus tráthúil, agus an t-athshlánú agus an tacaíocht tosaigh d'atógáil iarchogaidh a mhaoiniú, i gcás inarb iomchuí, d'fhonn tacú leis an Úcráin agus í ag iarraidh lánpháirtiú na hEorpa a bhaint amach.

2. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh maidir le hIonstraim MFA+ ar an gcéad léamh ag an seisiún iomlánach a bhí aici an 24 Samhain 2022[2] gan aon leasú ar an togra ón gCoimisiún.

3. Scrúdaigh Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais Ionstraim bheartaithe MFA+ ag na cruinnithe a bhí aici an 15 Samhain 2022 agus an 8 Nollaig 2022 agus chomhaontaigh sí leasuithe ar an togra ón gCoimisiún[3] a thabhairt isteach.

4. D'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 9 Nollaig 2022 agus mhol sé don Chomhairle é a ghlacadh.

5. Ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh an [10] Nollaig 2022, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach a leagtar síos in Airteagal 294 CFAE[4].

---

1 14562/22.
2 PE-CONS 63/22.
3 15231/22
4 15727/22

## II. CUSPÓIR

6. Le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093[5] (Rialachán CIA) ní cheadaítear cumhdach an dliteanais airgeadais a eascraíonn as iasachtaí faoi Ionstraim MFA+ i láthair na huaire. Sin an fáth a raibh an togra le haghaidh Ionstraim MFA+ mar chuid den phacáiste tograí maidir leis an tacaíocht don Úcráin a mhaoiniú, maille leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán CIA[6] agus an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta[7].

Ós rud é go ndealraíonn sé nach féidir an leasú atá beartaithe ar Rialachán CAI a ghlacadh in am trátha chun go bhféadfar an dliteanas airgeadais a eascraíonn as na hiasachtaí faoi Ionstraim MFA+ mar a mhol an Coimisiún a chumhdach, is iomchuí réiteach malartach a lorg lena bhféadfaí na cistí a eisíoc go tapa chuig an Úcráin.

7. Táthar tar éis ranníocaíochtaí deonacha ó na Ballstáit i bhfoirm ráthaíochtaí a shainaithint mar uirlis iomchuí chun an chosaint a chur ar fáil lena bhféadfaí na hoibríochtaí a dhéanamh trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí faoi Ionstraim MFA+. Bheadh ráthaíochtaí na mBallstát ina gcosaint iomchuí lena n-áiritheofaí cumas an Aontais na hiasachtaí trína dtacaítear leis na hiasachtaí a aisíoc. Scoirfeadh ráthaíochtaí deonacha den sórt sin de bheith inghlaoite amhail ó dháta chur i bhfeidhm leasú ar Rialachán CIA, nó ar a chomharba, lena bhforáiltear do ráthaíocht na n-iasachtaí faoi Ionstraim MFA+ faoi bhuiséad an Aontais de bhreis ar uasteorainneacha CAI agus suas le teorainneacha na n-uasteorainneacha dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (2) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053.

---

[5] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).

[6] 14442/22.

[7] 14443/22.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

8. Thug an Chomhairle isteach leasuithe ar Airteagal 4, agus thug sí isteach dhá Airteagal nua [4a][5] agus [4b][6]. Mínítear réasúnaíocht na modhnuithe in aithrisí nua [29a][30] go [29g][36].

### (a) Tacaíocht atá ar fáil faoin Ionstraim (Airteagal 4)

9. Bheadh an tacaíocht faoi Ionstraim MFA+ ar fáil de réir a chéile, de réir mar a thiocfadh ráthaíochtaí na mBallstát i bhfeidhm, gan dul thar na méideanna a chumhdaítear leis na comhaontuithe ráthaíochta sin. Ach scoirfeadh an ceanglas sin an tacaíocht a chur ar fáil de réir a chéile de bheith i bhfeidhm ón lá a chuirfear leasú ar Rialachán CIA, nó ar a chomharba, i bhfeidhm lena bhforáiltear do ráthaíocht na n-iasachtaí faoi Ionstraim MFA+ seo faoi bhuiséad an Aontais de bhreis ar uasteorainneacha CAI agus suas le teorainneacha na n-uasteorainneacha dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (2) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053.

### (b) Ráthaíochtaí ó na Ballstáit (Airteagail [4a][5]agus [4b][6])

10. Foráiltear in Airteagal [4a][5] go bhféadfaidh na Ballstáit ráthaíochtaí neamh-inchúlghairthe, neamhchoinníollacha agus ar éileamh a sholáthar suas le méid iomlán EUR 18bn i leith na tacaíochta faoi ionstraim MFA+ i bhfoirm iasachtaí. Bheadh an sciar coibhneasta de ranníocaíocht na mBallstát ag freagairt don eochair OIN.

11. Leagtar amach in Airteagal [4b][6] príomhghnéithe na gcomhaontuithe ráthaíochta atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus na Ballstáit.

## IV. CONCLÚID

12. Leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, agus an togra tosaigh ón gCoimisiún á choinneáil ar bun ag an am céanna, tugtar gnéithe breise lena bhféadfaí an tacaíocht airgeadais don Úcráin a eisíoc go tráthúil, go dtí go nglacfar an leasú ábhartha ar CAI agus ó dháta chur i bhfeidhm an leasaithe sin.